**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**2021/0227(BUD)**

28.9.2021

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um Buiséid

ar dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022
(2021/0227(BUD)

Rapóirtéir don tuairim: Urmas Paet

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag tabhairt dá haire, mar thoradh ar mhoilleanna i nglacadh fhormhór na ngníomhartha bunúsacha faoi Cheannteideal 6, go mbeidh 2022 ar an gcéad bhliain iomlán oibriúcháin i gcás fhormhór ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais;

2. ag aithint go bhfuil méadú ar leithreasaí íocaíochta faoi Cheannteideal 6 mar gheall ar thús thréimhse cur chun feidhme na n-ionstraimí maoiniúcháin agus seoladh clár nua faoin gCeannteideal sin;

3. ag cur béim ar an bhfíoras, tráth a bhfuil dúshláin sheachtracha agus cúrsaí polaitíochta idirnáisiúnta ag éirí níos tábhachtaí, nach mór a áirithiú go bhfuil maoiniú iomchuí ag an ngné sheachtrach de bhuiséad an Aontais agus go bhfuil sé ullmhaithe chun freagairt a thabhairt gan mhoill ar dhúshláin reatha, ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus ar dhúshláin a bheidh ann amach anseo; ag áitiú gur cheart go ndíreodh an buiséad don ghníomhaíocht sheachtrach ar réimsí tosaíochta, go geografach agus go téamach araon, agus ar réimsí inar féidir le gníomhaíocht an Aontais an breisluach is mó a chur ar fáil;

4. ag tabhairt dá haire go bhfuil formhór an chaiteachais ar ghníomhaíocht sheachtrach comhchruinnithe faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (NDICI-an Eoraip Dhomhanda) agus faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) agus ag áitiú go dtacófar le tosaíochtaí comhaontaithe faoi na hionstraimí maoinithe sheachtraigh sin, lena n-áirítear iad siúd a cinneadh le linn an idirphlé gheopholaitiúil ardleibhéil a bhí ag NDICI-an Eoraip Dhomhanda; á athdhearbhú gur iarr sí roimhe seo go mbeadh ainmníocht bhuiséadach dhifreáilte ann maidir leis na hionstraimí nua um maoiniú seachtrach; á chur i bhfáth, i gcomhthéacs sraith ionstraimí níos cuíchóirithe, gur gá struchtúr an bhuiséid a mhionsonrú go leordhóthanach, chun go mbeidh an Pharlaimint in ann a feidhmeanna buiséadacha a chomhlíonadh go héifeachtach agus a ról maoirseachta a chomhlíonadh;

5. á chur i bhfáth a phráinní atá sé cur go suntasach le cistí NDICI-na hEorpa Domhanda atá ar fáil don chlár téamach maidir le síocháin, cobhsaíocht agus cosc coinbhleachtaí agus freagairt thapa chomh maith le cearta an duine agus an daonlathas agus á chur in iúl gur geal léi rannchuidiú méadaithe NDICI-na hEorpa Domhanda agus IPA III le Erasmus+, rud a chumasaíonn soghluaisteacht mhéadaithe mac léinn ó na tíortha réamhaontachais;

6. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá maoiniú a mhéadú do thíortha na mBalcán Thiar agus do thíortha Chomharsanacht an Oirthir agus an Deiscirt chun tacú le hathchóirithe cuimsitheacha polaitiúla agus socheacnamaíocha agus le téarnamh ó ghéarchéim COVID-19 agus ó na hiarmhairtí eacnamaíocha fadtéarmacha a ghabhann léi, ach freisin chun tacú le réimsí amhail saoirse na meán, an comhrac in aghaidh na caimiléireachta agus na coireachta eagraithe, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, lena n-áirítear cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh agus de ghrúpaí leochaileacha iad, chomh maith le mná, cailíní agus daoine LADTIA a chumhachtú agus a chosaint;

7. á chur i bhfios go bhfuil an iliomad dúshlán roimh réigiúin chomharsanachta an Aontais thoir agus ó dheas agus ag cur béim ar an bhfíoras gur gá cistiú leordhóthanach a áirithiú le haghaidh réimsí ríthábhachtacha amhail tacú leis an daonlathas, leis an tsochaí shibhialta agus leis an smacht reachta; á iarraidh go háirithe go dtabharfar tacaíocht leanúnach do ghníomhaithe na Bealarúise ar son chearta an duine agus an daonlathais;

8. á athdhearbhú go gcreideann sí go láidir gur cheart nasc níos dlúithe a bhunú idir an Pharlaimint agus na parlaimintí náisiúnta faoi seach i dtíortha a bhfuil spéis straitéiseach ar leith ag baint leo do AE, go háirithe tíortha aontachais agus tíortha comhlachaithe Chomhpháirtíocht an Oirthir, agus dá bhrí sin á iarraidh go mbeadh cistiú leordhóthanach ann chun an leibhéal riachtanach de chomhar parlaiminteach a áirithiú;

9. á chreidiúint gur cheart don Aontas agus dá chomhlachtaí an clár oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil (YPS) a phríomhshruthú i gceapadh beartais, i gclársceidealú, i gcistiú, agus i bhfaireachán, chun cur chun feidhme trasearnálach YPS a áirithiú; á iarraidh go gcruthófar agus go n-osclófar na hionstraimí cistiúcháin tiomnaithe atá ann cheana do thionscnaimh YPS atá solúbtha agus inrochtana do gach duine óg, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil an iliomad cineálacha imeallaithe i ndán dóibh;

10. á mheas gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar oibríochtaí tacaíochta buiséadaí an Choimisiúin mar gheall ar staid chearta an duine san Éigipt agus gur gá, le cabhair an Aontais, tosaíocht a thabhairt do thacú go príomha le gníomhaithe daonlathacha agus leis an tsochaí shibhialta; á iarraidh go mbeadh níos mó trédhearcachta ann maidir le gach cineál tacaíochta airgeadais nó oiliúna a chuireann an tAontas, an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha agus an Banc Eorpach Infheistíochta ar fáil don Éigipt;

11. á chur in iúl gur geal léi go mbaineann coinníollacht níos láidre leis an daonlathas, le cearta an duine agus leis an smacht reachta faoi IPA III nuachóirithe; á iarraidh go mbeadh línte buiséid tiomnaithe ann do thíortha na mBalcán Thiar agus don Tuirc faoi IPA III, lenar cheart maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil do shochaí shibhialta na Tuirce agus do theagmhálacha idirphearsanta; á chur i bhfios go láidir nach mór cosc a chur ar aon rialtas mí-úsáid a bhaint as cistí an Aontais; á iarraidh, i gcás na Tuirce, go leanfadh an Coimisiún nó eagraíochtaí idirnáisiúnta de chistí IPA III a bhainistiú agus gan bainistiú indíreach leis an tír thairbhíoch a cheadú ach amháin i gcás inar fíorghá sin; á mheabhrú gur gá go mbeadh an maoiniú ar fad faoi IPA III, lena n-áirítear an Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar, i gcomhréir le spriocanna Chomhaontú Pháras agus le spriocanna dícharbónaithe an Aontais;

12. ag cur béim ar iarrachtaí tacaíochta domhanda an Aontais do dhídeanaithe agus á mheabhrú go bhfuil ról tábhachtach ag an Tuirc maidir le fáiltiú roimh dhídeanaithe ón tSiria; á athdhearbhú nach mór don Aontas agus dá Bhallstáit leanúint de chabhair éifeachtach a ndéanfar faireachán uirthi a chur ar fáil do dhídeanaithe ón tSiria sa Tuirc, lena n-áiritheofar go gcuirfear a chistí ar bhealach díreach agus iomlán trédhearcach chuig eagraíochtaí neamhrialtasacha; á athdhearbhú nár cheart aon chlár a thiocfaidh i gcomharbas ar an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc (FRT) a mhaoiniú chun dochair na n-ionstraimí maoinithe nua-ghlactha amhail IPA III agus NDICI-an Eoraip Dhomhanda (lena n-áirítear an cúlchiste); á iarraidh gur cheart aon chomharba ar FRT a mhaoiniú le

leithreasuithe nua agus le ranníocaíocht ó na Ballstáit agus á áitiú go mbeidh an Pharlaimint rannpháirteach go hiomlán i gcinntí, lena n-áirítear cinntí a bhaineann le ranníocaíochtaí le cistí iontaobhais an Aontais ó bhuiséad an Aontais agus maidir le bunú aon comharba ar FRT, agus ról an údaráis bhuiséadaigh á urramú go hiomlán; á iarraidh, thairis sin, go ndéanfar measúnú tionchair iomlán um chearta an duine ar an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go gcomhlíonfaidh an dá pháirtí cearta bunúsacha mar chuid dá chur chun feidhme;

13. á áitiú go gcaithfear leas iomlán a bhaint as an tsolúbthacht le haghaidh caiteachas gníomhaíochta seachtraí a thugtar le huasteorainn an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) do Cheannteideal 6 dar teideal ‘An Chomharsanacht agus an Domhan’ agus na rialacha maidir le slógadh an Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála; á athdhearbhú nach mór an chothromaíocht idir na hacmhainní a shanntar do na hionstraimí éagsúla gníomhaíochta seachtraí trí na rialacháin faoi seach a chaomhnú; ag cur béim ar an bhfíoras nár cuireadh an cistiú a bheidh ann amach anseo do riachtanais dhídeanaithe na Siria san áireamh sa phlé maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil nó NDICI-an Eoraip Dhomhanda agus nár cheart, dá bhrí sin, gur ar na hionstraimí clársceidealaithe a bheadh sé é a íoc; á chur i bhfáth, ina theannta sin, ós rud é nach bhfuil an pacáiste atá beartaithe do dhídeanaithe ón tSiria ag freagairt do ghéarchéim nua nó do riachtanais gan choinne, gur cheart aon chistiú ó chúlchiste éigeandála na hEorpa NDICI-na hEorpa Domhanda ina threo sin a theorannú; á iarraidh ar na Ballstáit ina ionad sin ‘cistí nua’ breise a chur ar fáil don phacáiste sin; á mheabhrú nach mór d’aon sásra solúbtha cistiúcháin arna bhunú faoi chuimsiú NDICI-na hEorpa Domhanda na spriocanna caiteachais téamacha a shainítear sa Rialachán a chomhlíonadh;

14. ag aithint go bhfuil ról riachtanach ag Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA) mar sholáthraí uathúil seirbhísí ríthábhachtacha do na milliúin teifeach Palaistíneach sa Mheánoirthear agus á iarraidh go méadófar ranníocaíocht airgeadais an Aontais do UNRWA mar infheistíocht i dtreo na slándála, na cobhsaíochta agus na forbartha sa réigiún agus níos faide i gcéin; ag tabhairt aird faoi leith ar na torthaí a fuarthas le déanaí ón staidéar seachtrach ar théacsleabhair Phalaistíneacha, arna mhaoiniú ag an Aontas, ina léirítear líon teoranta limistéar ina bhfuil feabhsú ag teastáil agus ina mbréagnaítear den chuid is mó líomhaintí maidir le gríosú forleathan chun fuatha agus chun foréigin, agus dá bhrí sin, lena ndeimhnítear go bhfuil na téacsleabhair sin ag cloí le caighdeáin UNESCO; ag tabhairt aird faoi leith ar fhorairdeall an Choimisiúin maidir leis an gceist sin agus á chur in iúl gur geal léi tiomantas láidir an Choimisiúin an frithsheimíteachas a chomhrac; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de bheith i dteagmháil le hÚdarás na Palaistíne agus le UNRWA chun oideachas ar ardchaighdeán do leanaí Palaistíneacha a chur chun cinn agus chun a áirithiú go gcloífear go hiomlán le caighdeáin UNESCO; á iarraidh ar an gCoimisiún, ina theannta sin, a áirithiú go gcuirfidh an maoiniú a thugann sé d’Údarás na Palaistíne i gcoinne na dtreochtaí diúltacha agus na deighilte atá ag dul i méid idir Palaistínigh, go gcuirfidh sé le cur chun cinn an iolrachais agus na cuntasachta agus go dtacóidh sé le sochaí shibhialta na Palaistíne;

15. á chur i bhfáth gur cheart an buiséad cabhrach daonnúla don Afganastáin agus do thíortha comharsanachta a mhéadú go mór chun tacú le hAfganastánaigh leochaileacha

agus lena dteaghlaigh, lena n-áirítear daoine atá easáitithe ina dtír féin agus dídeanaithe, chun iad a chosaint agus chun an t-athlonnú a fheabhsú; á athdhearbhú i ndáil leis sin gur gá tacaíocht dhaonnachtúil agus leordhóthanach a áirithiú do na daoine a bhfuil dídean á lorg acu, agus do na tíortha óstacha freisin; á éileamh, murar féidir urraim do chearta an duine agus go háirithe do chearta na mban agus na gcailíní a ráthú, go bhfanfaidh cúnamh forbartha do réimeas na hAfganastáine ar fionraí agus go ndéanfar é a atreorú i dtreo eagraíochtaí neamhspleácha forbartha agus daonnúla i gcomhréir le cuspóirí gníomhaíochta seachtraí an Aontais; á áitiú, thairis sin, go ndéanfar an maoiniú uile d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta san Afganastáin a leithdháileadh go díreach ar na heagraíochtaí sin gan rialtas an Talaban a úsáid mar idirghabhálaí; á chur i bhfios go láidir gur gá ceachtanna riachtanacha a fhoghlaim ón rannpháirtíocht idirnáisiúnta chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus an tsaoirse, cearta an duine agus saoirsí sibhialta a chur chun cinn san Afganastáin;

16. á iarraidh go mbeadh buiséad níos uaillmhianaí ann maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear na cinn atá tiomanta do chumhachtú na mban agus na gcailíní; á mheabhrú gur gá coinníollacht dhocht a chur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais do thíortha comhpháirtíochta agus do chomharsanacht an Aontais i gcásanna ina sáraítear cearta an duine; á iarraidh sa chomhthéacs sin freisin go mbeadh níos mó trédhearcachta ann maidir le forálacha a bhaineann le cearta an duine i gcomhaontuithe maoiniúcháin agus soiléiriú ar an sásra agus ar na critéir chun comhaontuithe den sórt sin a chur ar fionraí i gcás sárú ar chearta an duine, ar phrionsabail dhaonlathacha agus ar an smacht reachta agus i gcásanna tromchúiseacha éillithe; á thabhairt chun suntais, ina theannta sin, gur cheart don Aontas staonadh go docht ó thacaíocht bhuiséadach mar mhódúlacht chun cúnamh a chur ar fáil i dtíortha nach gcomhlíonann caighdeáin idirnáisiúnta i réimse chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta in aon chor nó nach léiríonn a dtiomantas chun an t-éilliú a chomhrac; ag moladh, i ndáil leis an méid sin, go gcuirfí Córas Smachtbhannaí Domhanda AE i ndáil le Cearta an Duine (Acht Magnitsky AE) i bhfeidhm go críochnúil agus go leathnófaí a raon feidhme chun gníomhartha éillithe a chumhdach;

17. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil cosaint agus cur chun cinn chearta an duine agus an daonlathais ar fud an domhain fós chun leas ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais; á iarraidh go mbeadh maoiniú méadaithe ann do mhisin bhreathnóireachta toghcháin, lena n-áirítear breathnóirí áitiúla, i bhfianaise a róil chun institiúidí daonlathacha a chomhdhlúthú agus chun cobhsaíocht a bhaint amach i dtíortha leochaileacha, go háirithe ag grúpaí áitiúla na sochaí sibhialta;

18. á chur i bhfáth gur gá feabhas a chur ar an infheictheacht agus ar an gcumarsáid maidir le cabhair an Aontais agus maoiniú an Aontais i dtríú tíortha, go háirithe i dtíortha is iarrthóirí agus i dtíortha comhpháirtíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún díriú níos mó ar scaipeadh na dtionscadal a cuireadh chun feidhme go rathúil, agus ar an tionchar dearfach a bheidh acu agus ar na tairbhí dearfacha a ghabhann leo chun tionchar an chistithe a neartú agus taidhleoireacht phoiblí an Aontais a fheabhsú agus cúram ar leith a ghlacadh chun aon sárú a bhaineann le tionscadail agus cistiú an Aontais féin i dtríú tíortha a mheas agus a chosc;

19. ag cur béim ar an bhfíoras, agus í ag cáineadh aon ionsaí ar mhionlaigh reiligiúnacha,

go háirithe ar Chríostaithe, ar fud an domhain, nach mór maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí chun mionlaigh a ndéantar géarleanúint orthu a chosaint, agus i ndáil leis an méid sin á chur i bhfios go láidir go dtacaíonn sí le hoifig an Toscaire Speisialta chun saoirse reiligiúin nó creidimh a chur chun cinn lasmuigh den Aontas Eorpach;

20. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé comhbheartas slándála agus cosanta (CBSC) an Aontais a fhorbairt agus comhar a fheabhsú i gcúrsaí cosanta agus slándála trí ionstraimí éagsúla amhail buanchomhar struchtúrtha, an tAthbhreithniú Bliantúil Comhordaithe ar Chosaint, agus an Ciste Eorpach Cosanta, ar rannchuiditheoir tábhachtach é le neamhspleáchas straitéiseach agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais agus lena chumas cinntí a dhéanamh agus gníomhú go neamhspleách más gá; á chur in iúl go bhfuil sí ag dréim leis, mar thoradh ar Chompás Straitéiseach an Aontais atá ar na bacáin, agus ar na conclúidí a thiocfaidh as, go dtiocfaidh méadú breise freisin ar an gcaiteachas ar thionscnaimh a bhaineann leis an gcosaint chun freagairt do na dúshláin iomadúla atá ann faoi láthair agus go mbeidh Aontas níos geostraitéisí ann a bheidh in ann a leasanna agus a luachanna a chosaint agus níos mó freagrachtaí a ghlacadh chuige féin i réimse na slándála agus na cosanta, i gcomhpháirtíocht leis na Stáit Aontaithe agus ECAT, go háirithe i gcomharsanacht an Aontais; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá misin shibhialtacha CBSC agus á iarraidh ar na Ballstáit dóthain pearsanra a ghealladh laistigh d’achar gairid ama;

21. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé meastóireacht rialta a dhéanamh ar gach beart cúnaimh slándála de chuid an Aontais (CBSC sibhialta agus an Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus Síocháin/NDICI-an Eoraip Dhomhanda) agus misin, oibríochtaí agus bearta áirithe a athchoigeartú d’fhonn cur chuige fónta maidir le slándáil an duine a ionchorprú, lena gcuirtear san áireamh fíor-riachtanais slándála pobal áitiúil;

22. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá cosaint an Aontais ar thrasnaíocht agus tionchar mailíseach eachtrach, go háirithe trí ionsaithe hibrideacha agus tríd an mbréagaisnéis; á iarraidh go n-áiritheofar cistiú agus sainorduithe iomchuí d’aonaid agus do thionscadail na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) a phléann leis na saincheisteanna sin agus ag cur béim ar a ábhartha atá an comhordú i measc institiúidí an Aontais; á iarraidh go gcruthófar foirne tiomnaithe chun dul i ngleic le bagairtí ó réigiúin ar leith; á mheabhrú gur chinn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa go bhfuil gá ag SEGS le sainordú níos forleithne chun dul i ngleic leis an mborradh atá faoi ionsaithe hibrideacha tar éis phaindéim COVID-19 agus le bagairtí nua atá ag teacht chun cinn, mar aon le maoiniú leordhóthanach;

23. ag cur béim ar na ráitis a rinne sí roimhe seo maidir leis na bagairtí a bhaineann leis an gcibearshlándáil agus maidir le scaipeadh bréagnuachta; á thabhairt chun suntais, sa chomhthéacs sin, go gcaithfear le buiséad an Aontais aghaidh níos fearr a thabhairt ar na dúshláin sin agus freagairt níos fearr dóibh ar leibhéal cothrománach, lena n-áirítear go háirithe i gceanncheathrú an Aontais agus freisin ina thoscaireachtaí ar fud an domhain;

24. ag cur béim ar an bhfíoras gurb ionann cáblaí snáithíní optacha agus lárchóras néaróg an idirlín dhomhanda, agus 97 % den trácht idirlín ar fad ag taisteal trí na cáblaí sin; á chur i bhfios go láidir cé gur cuid lárnach agus fhíor-riachtanach de bhonneagar criticiúil an

Aontais iad na cáblaí sin agus go bhfuil tábhacht mhór gheopholaitiúil ag baint leo dá bhrí sin, go raibh siad faoi réir oibríochtaí spiaireachta eachtracha le déanaí; á chreidiúint gur cheart don Aontas tosaíocht a thabhairt do shlándáil agus do chosaint na gcáblaí sin; á iarraidh ar an Aontas clár slándála de chuid an Aontais maidir le cáblaí snáithíní optacha a bhunú, lena n-áirítear taighde, comhordú, ceapadh beartais, rianú teagmhas agus oiliúint gardaí cósta;

25. á chur i bhfáth go bhfuil éifeacht leanúnach ag COVID-19 ar fud an domhain; á iarraidh go dtabharfar freagairt chomhordaithe agus chomhleanúnach laistigh den Aontas agus dá thíortha comhpháirtíochta agus cabhair leighis agus fothú acmhainneachta níos fearr maidir le dáileadh agus comhroinnt vacsaíní á gcur ar fáil, lena n-áirítear trí COVAX, chomh maith le tacaíocht do théarnamh sóisialta agus eacnamaíoch tíortha;

26. á chur i bhfáth go bhfuil gá le maoiniú leordhóthanach chun pleanáil agus cur chun feidhme chlár oibre an Aontais maidir leis an nascacht dhomhanda a éascú; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé tionscadail agus infheistíochtaí nithiúla nascachta a chur san áireamh sa phróiseas clársceidealaithe do CAI 2021-2027;

27. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé an comhbheartas eachtrach agus slándála a nascadh le Beartas Artach AE agus ag cur béim ar an bhfreagracht atá ar an Aontas tacú le cosaint an Artaigh agus a chuid pobal áitiúil;

28. ag tabhairt dá haire go bhforáiltear in NDICI-an Eoraip Dhomhanda do mheastóireachtaí meántéarmacha agus deiridh agus do thuairisciú bliantúil mionsonraithe ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis na gníomhaíochtaí leanúnacha, na torthaí a baineadh amach, an éifeachtacht, agus an dul chun cinn i dtreo spriocanna agus cuspóirí téamacha Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]; á iarraidh ar an gCoimisiún modheolaíocht bheacht a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun rianú a dhéanamh ar na spriocanna téamacha, go háirithe maidir leis an aeráid, an bhithéagsúlacht, an comhionannas inscne, an imirce agus an t-easáitiú éigeantach, chun trédhearcacht agus cuntasacht chuí a áirithiú agus chun cur ar chumas na Parlaiminte a ról grinnscrúdaithe a chomhlíonadh go héifeachtach mar bhrainse den údarás buiséadach;

29. á chur in iúl gur geal léi Plean uaillmhianach agus seachtrach Gníomhaíochta Inscne (GAP) III; á iarraidh go mbeadh acmhainní airgeadais leordhóthanacha ann chun é a chur chun feidhme agus ag cur béim ar an ngá atá le táscairí cuí agus intomhaiste agus le modheolaíocht shonrach, chomh maith le faireachán rialta, chun anailís a dhéanamh ar thionchar bhuiséad an Aontais ar an gcomhionannas inscne agus buiséadú inscne a chur chun feidhme go héifeachtach i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais;

30. á iarraidh ar an mBiúró aistriúchán ar phríomhrúin bheartais eachtraigh arna nglacadh faoi Riail 54 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa (tuarascálacha féintionscnaimh) a tharraingt suas i dteangacha oifigiúla na Náisiún Aontaithe nach teangacha den Aontas Eorpach iad (eadhon Araibis, Sínis agus Rúisis), chomh maith le

[1] Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

haistriúchán ar rúin thírshonracha faoi leith arna nglacadh faoi Riail 132 de na Rialacha Nós Imeachta (rún a ghabhann leis na ráitis ón gCoimisiún nó ón Ardionadaí nó ón Leas-Uachtarán) agus Riail 144 de na Rialacha Nós Imeachta (rún práinne) go teanga oifigiúil na tíre lena mbaineann, d’fhonn a áirithiú go gcuirfear feabhas ar thionchar agus ar fhor-rochtain ghníomhaíochtaí gnóthaí eachtracha na Parlaiminte, agus á iarraidh ar an údarás buiséadach a áirithiú go gcuirfear leithreasuithe leordhóthanacha ar fáil chun na críche sin;

31. ag aithint gur gá SEGS a atreisiú ionas go mbeidh sé in ann a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh faoi Chóras Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine; á iarraidh go gcuirfear maoiniú leordhóthanach ar fáil le haghaidh foireann bhreise chun a áirithiú go ndéanfar na cúraimí faoin uirlis nua seo de chuid an Aontais don bheartas eachtrach a chur i gcrích, agus ag tathant ar SEGS a fhorálacha neamhspleácha cur chun feidhme maidir le gníomhaíochtaí agus tascanna seachtracha a ghlacadh agus a chur chun feidhme gan a thuilleadh moille, ar forálacha iad lena gcruthaítear bunús dlí *sui generis* do Chinn Toscaireachtaí chun íomhá agus clú an Aontais ina iomláine a chosaint níos fearr, mar a fógraíodh sna freagraí i scríbhinn a cuireadh ar fáil don Choiste um Rialú Buiséadach i gcomhthéacs nós imeachta urscaoilte 2019;

32. ag diúltú do chiorruithe na Comhairle ar bhuiséad riaracháin SEGS; á iarraidh ar an Rapóirtéir don Choiste um Buiséid go ndéanfaidh roinn X an dréachtbhuiséad a athbhunú maidir leis na línte ar fad a bhfuil ciorruithe déanta ag an gComhairle orthu i roinn X.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 27.9.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 50<br>–: 8<br>0: 8 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alviina Alametsä, Alexander Alexandrov Yordanov, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Anna Bonfrisco, Fabio Massimo Castaldo, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Tanja Fajon, Anna Fotyga, Michael Gahler, Kinga Gál, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Sandra Kalniete, Maximilian Krah, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Antonio López-Istúriz White, Claudiu Manda, Lukas Mandl, Thierry Mariani, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Javier Nart, Urmas Paet, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Manu Pineda, Thijs Reuten, Jérôme Rivière, María Soraya Rodríguez Ramos, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jacek Saryusz-Wolski, Andreas Schieder, Radosław Sikorski, Jordi Solé, Sergei Stanishev, Tineke Strik, Hermann Tertsch, Hilde Vautmans, Idoia Villanueva Ruiz, Viola Von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Vladimír Bilčík, Ioan-Rareş Bogdan, Özlem Demirel, Angel Dzhambazki, Markéta Gregorová, Evin Incir, Assita Kanko, Pierfrancesco Majorino, Mick Wallace |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 50 | + |
|---|---|
| NI | Fabio Massimo Castaldo |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Vladimír Bilčík, Ioan-Rareş Bogdan, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Lukas Mandl, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Radosław Sikorski, Isabel Wiseler-Lima, Željana Zovko |
| Renew | Petras Auštrevičius, Katalin Cseh, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Urmas Paet, María Soraya Rodríguez Ramos, Hilde Vautmans |
| S&D | Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Tanja Fajon, Raphaël Glucksmann, Evin Incir, Pierfrancesco Majorino, Claudiu Manda, Sven Mikser, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Andreas Schieder, Sergei Stanishev |
| Verts/ALE | Alviina Alametsä, Markéta Gregorová, Jordi Solé, Tineke Strik, Viola Von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Salima Yenbou |

| 8 | - |
|---|---|
| ID | Maximilian Krah, Thierry Mariani, Jérôme Rivière |
| NI | Kostas Papadakis |
| The Left | Özlem Demirel, Manu Pineda, Idoia Villanueva Ruiz, Mick Wallace |

| 8 | 0 |
|---|---|
| ECR | Angel Dzhambazki, Anna Fotyga, Assita Kanko, Jacek Saryusz-Wolski, Hermann Tertsch |
| ID | Anna Bonfrisco, Susanna Ceccardi |
| NI | Kinga Gál |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh